Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Nollaig 2025
(OR. en)

16865/25
PV CONS 72
TRANS 651
TELECOM 479
ENER 683
*PARLNAT*

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh)

15 Nollaig 2025

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 16535/25.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**Liosta neamhreachtach** 16265/25

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n- áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

**Plé reachtach**
**Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**3. Rialachán lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa** 16451/25
*Cur chuige ginearálta páirteach*

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta páirteach i ndáil leis an Rialachán lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa.

Thíolaic Málta, an Ungáir agus an tSlóvaic ráitis, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad.

**4. An Pacáiste um na hEangacha Eorpacha** 15896/25
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

5. An nasc idir an fuinneamh agus an tslándáil[1] 15879/1/25 REV 1
*Seisiún tuairimíochta*

---

[1] I láthair Leas-Ard-Rúnaí ECAT.

**Aon ghnó eile**

**6.** (a) Tascfhórsa um an Aontas Fuinnimh — 16454/25
*Faisnéis ón gCoimisiún*

**(b) Réitigh cur chun feidhme le haghaidh cheanglais allmhairiúcháin Rialachán (AE) 2024/1787 maidir le hastaíochtaí meatáin a laghdú in earnáil an fhuinnimh** — 16479/1/25 REV 1
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.
Thíolaic an Pholainn ráiteas, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn.

**(c) Comhleanúnachas na scéimeanna tacaíochta náisiúnta do phraghsanna fuinnimh a áirithiú chun an margadh inmheánach a chosaint agus chun tacú leis an aistriú fuinnimh** — 16418/25
*Faisnéis ón bPortaingéil, ón Spáinn, ón bhFionlainn agus ó Éirinn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir Éire, an Fhionlainn, an Phortaingéil agus an Spáinn ar fáil.

**(d) Tionchar an tSásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (SCCT) ar allmhairí leictreachais teicniúla neamhthráchtála ón Úcráin chuig Ballstáit an Aontais** — 16412/25
*Faisnéis ón bPolainn, le tacaíocht ón Eastóin agus ón Liotuáin*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Pholainn ar fáil, le tacaíocht ón Eastóin agus ón Liotuáin.

(e) **Athbhreithniú ar na rialacha maidir le státchabhair is infheidhme i ndáil le seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta — tithíocht shóisialta agus inacmhainne** — 16515/1/25 REV 1
*Faisnéis ón bhFrainc agus ón nGearmáin*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Fhrainc agus an Ghearmáin ar fáil.

**(f) An Straitéis um Théimh agus Fuarú a fhoilsiú go tráthúil** — 16484/25
*Faisnéis ón Laitvia, ón Ostair, ón Eastóin, ón nGréig, ón Ungáir, ó Éirinn, ón Liotuáin, ó Lucsamburg, ón bPolainn, ón bPortaingéil agus ón tSlóivéin*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Laitvia, an Ostair, an Eastóin, an Ghréig, an Ungáir, Éire, an Liotuáin, Lucsamburg, an Pholainn, an Phortaingéil agus an tSlóivéin ar fáil.

**(g) An tslándáil fuinnimh réigiúnach a neartú: Ról lárnach na Gréige in éagsúlú an tsoláthair gáis** [F2] 16650/25
*Faisnéis ón nGréig*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ghréig ar fáil.

(h) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ón gCipir*

---

[1] An chéad léamh

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

[F2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'B' a leagtar amach in 16535/25**

**Aguisín 'B' mír 3:** **Rialachán lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa**
*Cur chuige ginearálta páirteach*

## RÁITEAS ÓN UNGÁIR

'Measaimid go bhfuil Rialachán SCE tábhachtach, toisc go gcuireann sé le tacaíocht do thionscadail bonneagair fuinnimh; is oth linn, áfach, nach bhforáiltear sa Rialachán don fhéidearthacht tacú le bonneagar breoslaí iontaise. I bhfianaise na gcuspóirí a leagtar amach i Rialachán RePowerEU, is tosaíocht don Ungáir é a áirithiú go mbeidh tacaíocht airgeadais ón Aontas ar fáil do bhonneagar hidreacarbóin a chuireann le héagsúlú agus le slándáil an tsoláthair.

Dar linne, tá sé bunriachtanach go gcuirfimid na réaltachtaí fisiciúla agus geopholaitiúla san áireamh.

Creidimid gur féidir ionstraimí agus tacaíocht bhonneagair an Aontais a neartú chun bonneagar breoslaí iontaise a éagsúlú ar bhealach atá comhoiriúnach do chuspóirí an bheartais aeráide.

Fad is nach réiteofar an cheist maidir le héagsúlú bhonneagar na mbreoslaí iontaise, níl an Ungáir in ann tacú leis an gcur chuige ginearálta páirteach. Iarraimid go n-áireofaí tacaíocht do bhonneagar hidreacarbóin i Rialachán SCE nó laistigh de raon feidhme beart reachtach eile ar nós an Phacáiste um Eangacha Eorpacha.

Staonann an Ungáir ón vótáil.'

## RÁITEAS Ó MHÁLTA

'De mheon an chomhréitigh, is díol sásaimh do Mhálta an Cur Chuige Ginearálta Páirteach maidir leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa le haghaidh 2028-2034 toisc go gcreideann sí go gcuirtear bonn maith ar fáil leis an téacs chun tuilleadh oibre a dhéanamh le Parlaimint na hEorpa.

Maidir leis na forálacha a bhaineann le fuinneamh go sonrach, admhaíonn Málta go ndéantar iarracht sa téacs an bhéim ar deireadh a chur le leithlisiú fuinnimh, deireadh a chur le scrogaill idirnaisc, slándáil an tsoláthair, agus aitheantas sainráite a thabhairt do shainiúlachtaí geografacha a neartú, lena n-áirítear Ballstáit oileánacha.

Sin ráite, meabhraítear do Mhálta, i gcás na mBallstát oileánach, gur cheart leithlisiú fuinnimh a thuiscint i dtéarmaí feidhmiúla, lena n-áirítear cásanna ina bhfuil Ballstát idirnasctha le córas leictreachais Ballstáit amháin eile agus ina bhféadfadh rioscaí teoranta iomarcaíochta agus rioscaí pointe teipe aonair leanúint ar aghaidh d'ainneoin idirnascaire a bheith ann. Sa chomhthéacs sin, féadfaidh gníomhaíochtaí a fheabhsaíonn acmhainn idirnaisc, athléimneacht nó iomarcaíocht rannchuidiú le deireadh a chur le leithlisiú fuinnimh de réir bhrí an Rialacháin.

Is díol sásaimh do Mhálta freisin an aithris ina n-aithnítear a thábhachtaí atá leathnú, atreisiú agus infhaighteacht bhonneagar na heangaí inmheánaí chun úsáid éifeachtach idirnasc trasteorann a áirithiú agus chun aghaidh a thabhairt ar phlódú struchtúrach. Iarrann Málta ar an gCoimisiún, agus cláir oibre fuinnimh SCE á n-ullmhú agus á gcur chun feidhme aige i gcomhréir le hAirteagal 12, aird ar leith a thabhairt ar TLCanna, ar MMIanna agus ar ghníomhaíochtaí gaolmhara lena ndéantar an margadh inmheánach fuinnimh a chomhtháthú a thuilleadh, deireadh a chur le leithlisiú fuinnimh agus athléimneacht an chórais a fheabhsú, agus aird chuí á tabhairt ar shainiúlachtaí na n-oileán.

Leanfaidh Málta de pháirt chuiditheach a ghlacadh sa chaibidlíocht atá le teacht chun a áirithiú go léireofar na breithnithe sin go hiomlán i gcur chun feidhme an Rialacháin, lena n-áirítear ullmhú chláir oibre fuinnimh SCE, agus, i gcás inarb ábhartha, le linn na caibidlíochta reachtaí ina dhiaidh sin.'

**RÁITEAS ÓN tSLÓVAIC**

'Tacaíonn Poblacht na Slóvaice leis an gcur chuige ginearálta páirteach maidir leis an athbhreithniú ar Rialachán SCE.

Mar sin féin, tá Poblacht na Slóvaice den tuairim gur cheart cuspóir de chuid an Aontais a comhaontaíodh le déanaí chun deireadh a chur de réir a chéile le hallmhairí breosla iontaise ón Rúis, a chumhdaítear i Rialachán REPowerEU, a léiriú i Rialachán SCE. Beidh tionchair dhiúltacha ag cuspóir REPowerEU ar shlándáil an tsoláthair agus beidh gá le hiarrachtaí suntasacha éagsúlaithe ó na Ballstáit is mó a ndéantar difear dóibh, lena n-áirítear an bonneagar atá á oibriú leis na blianta fada a athrú.

I bhfianaise na dtionchar diúltach a bhfuiltear ag súil leo maidir le REPowerEU ar shlándáil fuinnimh agus ar mhargaí fuinnimh, go háirithe i réigiún na hEorpa Láir, measann Poblacht na Slóvaice gur gá tacú le forbairt an bhonneagair gáis nádúrtha agus ola is gá in idirthréimhse i gcomhthéacs iarrachtaí éagsúlaithe chun na tionchair a bhfuiltear ag súil leo ar na Ballstáit is mó a ndéantar difear dóibh a mhaolú. Dá bhrí sin, mhol an tSlóvaic Airteagal nua a thabhairt isteach lena léirítear an gá atá le bearnaí sa bhonneagar a líonadh agus slándáil an tsoláthair a áirithiú do Bhallstáit uile an Aontais.

Cé go n-aithníonn Poblacht na Slóvaice nár ionchorpraíodh an tAirteagal nua sa Chur Chuige Ginearálta páirteach maidir leis an athbhreithniú ar Rialachán SCE, tá Poblacht na Slóvaice den tuairim go bhfuil sé fós an-ábhartha agus molfaidh sí go n-áireofar é i Rialachán GTE-F laistigh den chaibidlíocht maidir leis an bPacáiste um na hEangacha Eorpacha.'

**<u>Ráiteas a ghabhann leis an mír 'Aon ghnó eile' a leagtar amach in 16535/25</u>**

| | |
|---|---|
| **<u>Ad 'AOB' mír 6(b):</u>** | **Réitigh cur chun feidhme le haghaidh cheanglais allmhairiúcháin Rialachán (AE) 2024/1787 maidir le hastaíochtaí meatáin a laghdú in earnáil an fhuinnimh**<br>*Faisnéis ón gCoimisiún* |

**RÁITEAS ÓN bPOLAINN**

'Ag aithint di gurb é meatán an dara gás ceaptha teasa is cumhachtaí, atá freagrach as thart ar aon trian den téamh atá ag tarlú sa lá atá inniu ann, cuireann an Pholainn i dtábhacht go bhfuil a laghdú in earnáil an fhuinnimh ar cheann de na straitéisí is costéifeachtaí atá ar fáil chun an t-athrú aeráide a chomhrac, agus tugann sí dá haire na hinfheistíochtaí atá déanta cheana féin ag soláthróirí iontaofa an Aontais ar fud an domhain maidir le tomhas, tuairisciú agus fíorú chun astaíochtaí meatáin a eascraíonn as a ngníomhaíochtaí a laghdú.

I bhfianaise ár gcuspóirí maidir le hinacmhainneacht agus athléimneacht fuinnimh a áirithiú, is díol sásaimh don Pholainn an t-éascú agus an stiúradh a chuir an Coimisiún ar fáil maidir le cur chun feidhme an Rialacháin a mhéid a bhaineann le deimhniúchán agus pionóis. D'ainneoin go bhféadfadh gnéithe áirithe den *acquis* fuinnimh atá ann cheana, in am trátha, tairbhe a bhaint as tuilleadh cuíchóirithe faoi iarrachtaí simplithe níos leithne, tacaíonn an Pholainn le cur chun feidhme pragmatach an Rialacháin lena simplítear nósanna imeachta agus lena gcosnaítear slándáil fuinnimh an Aontais, lena n-áirítear dá allmhairí fuinnimh ó chomhpháirtithe iontaofa. I ndáil leis an méid sin, leagann an Pholainn béim ar an ngá atá le soláthairtí malartacha atá inmharthana ó thaobh an gheilleagair de chun ár bpunann fuinnimh a éagsúlú i gcomhthéacs deireadh a chur de réir a chéile le hola agus gás na Rúise.

Cuireann an Pholainn in iúl go bhfuil sí tiomanta do cheanglais allmhairiúcháin an Rialacháin a chur chun feidhme go praiticiúil agus go comhchuibhithe ar fud an Aontais, agus aithníonn sí gur thángthas freisin ar réitigh chun fianaise ar chomhlíonadh an Rialacháin a léiriú i gcásanna ina bhfuil sé deacair nó dodhéanta caidreamh díreach idir an t-allmhaireoir agus an táirgeoir a shainaithint. Rinne Líonra na nÚdarás Inniúil a cruthaíodh faoin Rialachán scrúdú ar réitigh nithiúla do na slabhraí soláthair casta sin agus chinn sé gur féidir leo fianaise inghlactha maidir le comhlíonadh a chur ar fáil, bunaithe ar obair éascaithe arna déanamh ag an gCoimisiún. Is díol sásaimh don Pholainn torthaí Líonra na nÚdarás Inniúil agus aontaíonn sí glacadh leis na réitigh sin agus an Rialachán á chur chun feidhme.

Iarrann an Pholainn ar an gCoimisiún Eorpach an obair sin a éascú a thuilleadh agus na príomhchritéir a cheapadh go pras le haghaidh réitigh chomhlíontachta bhreise a d'fhéadfadh a bheith i bhfoirm molta.

Agus aitheantas á thabhairt aici don ríthábhacht a bhaineann le slándáil an tsoláthair san Aontas, geallann an Pholainn clásail iomchuí a ionchorprú inár rialacha náisiúnta pionóis chun cosc a chur ar aon chásanna a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don tslándáil fuinnimh, amhail cur isteach ar sholáthairtí, mar a bheartaítear sa Rialachán. Féadfar a áireamh ar na clásail sin cur i bhfeidhm pionós a chur ar fionraí go sealadach.

Tá an Pholainn tiomanta i gcónaí do na tionscnaimh sin a chur chun cinn chun an comhshaol a chosaint agus, ag an am céanna, slándáil agus inacmhainneacht fuinnimh a áirithiú laistigh den Aontas i ndáil le soláthairtí ó chomhpháirtithe iontaofa.'